**Cén fáth ar gá seiceáil sula ndéantar tochailt?**

Is tír í Éire ina bhfuil cuid mhór séadchomharthaí seandálaíochta, tá níos mó ná 145,000 láthair agus séadchomhartha a bhfuil eolas orthu ar Thaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí. Tá mórchuid na láithreán seandálaíochta sin faoi úinéireacht phríobháideach, iad suite i mbeagnach gach baile fearainn ar fud na tíre.

Tá tuairim is 1,000 séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na céadta sa bhreis orthu sin faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht na nÚdarás Áitiúil nó faoi réir ag Orduithe Caomhnúcháin. Tagann na mílte sa bhreis orthu sin arís, atá faoi úinéireacht phríobháideach, faoi scáth chineálacha eile cosanta faoin dlí faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014.

Cé go bhfuil láithreáin áirithe is féidir a aithint go soiléir os cionn talún, tá cinn eile nach bhfuil chomh feiceálach sin nó ar iarsmaí faoi dhroim na talún a bhfuil ar fáil go fóill díobh sa lá atá inniu ann. Is den tábhacht **Seiceáil sula dTosaítear ar Thochailt** ionas go seachnaítear damáiste nó cur as do na láithreáin seandálaíochta nó do shéadchomharthaí agus obair ar siúl ar an talamh.

**Cén fáth a bhfuil tábhacht leis na láithreáin seo?**

Is tuairisc fhiúntach séadchomharthaí seandálaíochta ar an gcultúr agus ar na daoine a bhíodh ann san am roimhe seo iad agus is ábhar mór mórtais iad ag pobal na n-áiteanna ina bhfuil siad ar fud na hÉireann. Cothaíonn siad spéis sa stair agus sa tuiscint ar an gceantar agus cuireann siad le dea-bhail an duine.

Déantar séadchomharthaí a chaomhnú ar bhealaí éagsúla faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014. An séadchomhartha náisiúnta atá faoi úinéireacht an Aire nó Údaráis Áitiúil, nó atá faoi réir ag ordú caomhnúcháin nó ordú sealadach caomhnúcháin, ní mór cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire sular féidir aon obair a dhéanamh ag an séadchomhartha nó cóngarach don séadchomhartha.

Cuid mhór de na séadchomharthaí seandálaíochta a bhfuil eolas orthu, is Séadchomharthaí Taifeadta iad (https://www.archaeology.ie/ga/bailiuchain-agus-foilseachain/bailiuchain/bailiuchain-a-catalogaiodh/taifead-seadchomharthai-agus-aiteanna-tsa/ ) agus tá dlite ar aon duine a bheadh ag beartú tabhairt faoi obair fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire dhá mhí sula mbeadh sé i gceist tús a chur leis an obair. Is tréimhse í sin a ligeann do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta an obair bheartaithe agus na modhanna ina dtabharfar an chosaint is fearr don séadchomhartha a mheas.

Is féidir fógra i scríbhinn a thabhairt ar an bhfoirm seo:
https://www.archaeology.ie/ga/bailiuchain-agus-foilseachain/foilseachain/section-12-notification-form/

**Conas a dhéanaim seiceáil maidir le séadchomharthaí seandálaíochta?**

Má tá obair ar an talamh á bheartú agat (glanadh talún nó míntíriú talún) ar réimse faoi d'úinéireacht féin, seiceáil Breathnóir na Réimsí Stairiúla ar an gcéad dul síos.

Is deis dhigiteach ar líne Breathnóir na Réimsí Stairiúla arna chur ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena mbaintear úsáid as faisnéis as Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus as Fardal Náisiúnta Oidhreacht na hAiltireachta le mapa d'Éirinn a chur ar fáil ar a léirítear na hionaid ina bhfuil láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta.

Tugtar, i gcás an chuid is mó de na hiontrálacha, cur síos ar an séadchomhartha agus luaitear rangú Thaifead na Láithreán agus na Séadchomharthaí maidir le fógra, rud nach tuairisc chruinn ar réimse na séadchomharthaí é ach a bhfuil de rún leis go sonrófaí séadchomharthaí maidir le fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire.  Is féidir Breathnóir na Réimsí Stairiúla a thapú ar mhórchuid na mbrabhsálaithe agus na n-ardán, fón cliste san áireamh.

**Cad a dhéanaim má tá rud éigin ar réimse talún de mo chuid?**

Má tá amhras ar bith ort maidir le séadchomhartha a bheith ar do chuid talún nó maidir leis an leibhéal caomhnúcháin atá i bhfeidhm i ndáil leis an séadchomhartha, cuir teachtaireacht le do thoil chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta ag nationalmonuments@housing.gov.ie, chun comhairle a fháil.